



An Bhruiséil, 23 Samhain 2018
(OR. en)

14498/18

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0044(COD)

JUSTCIV 285
ECOFIN 1088
EJUSTICE 156
COMPET 798
CODEC 2058
IA 385

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	7222/18 + ADD 1 REV 1 + ADD 2 REV 1 + ADD 3
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an dlí is infheidhme i ndáil le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de (an chéad léamh) - Tuarascáil ar dhul chun cinn

I. RÉAMHRÁ

1. Mar chuid de Phlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil, ar an 12 Márta 2018, thíolaic an Coimisiún an -togra thuasluaite¹, atá bunaithe ar Airteagal 81(2) (Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus atá faoi réir an ghnáthnóis imeachta reachtaigh. In éineacht leis an togra, tá teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an dlí is infheidhme maidir le héifeachtaí dílsithe na n-idirbheart urrús² agus Measúnú Tionchair³. Is é cuspóir an togra an líon idirbheart trasteorann a mhéadú agus, dá réir sin, rochtain ar airgeadas a éascú.

¹ 7222/18 - COIM(2018) 96 final

² 7358/18 - COIM(2018) 89 final

³ 7222/18 ADD1 REV 1 + ADD2 REV 1

2. Tagraíonn an sannadh éileamh do chás ina n-aistríonn an creidiúnaí a cheart chun an fiach a éileamh chuig duine eile. I láthair na huaire, níl aon deimhneacht dhlíthiúil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh maidir le dlí cé acu tír is infheidhme i ndáil le húinéireacht éilimh a chinneadh tar éis a shannta ar bhonn trasteorann.
3. Mar riail ghinearálta, molann an Coimisiún, i gcásanna a bhaineann le heasaontacht dlíthe, gurb é an dlí maidir le gnáthchónaí an tsannóra is ceart a chur i bhfeidhm i dtaca le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de. De réir mheasúnú an Choimisiúin, ar cheann de mhórbhuntaistí na rialach sin tá gur fusa an dlí is infheidhme a thuar, ó tharla gur féidir le tríú páirtithe suíomh an tsannóra a dhéanamh amach roimh ré. Ag an am céanna, molann an Coimisiún dhá eisceacht (airgead a chreidiúnaítear do chuntas bainc agus sannadh éileamh a eascraíonn as ionstraimí airgeadais); sna cásanna sin, beidh feidhm ag dlí an éilimh arna shannadh. Ina theannta sin, i gcás idirbhearta urrúsúcháin, molann an Coimisiún rogha a dhéanamh idir an dlí maidir le gnáthchónaí an tsannóra agus dlí an éilimh arna shannadh. Tá sé beartaithe go gcuirfeadh sé seo ar chumas oibreoirí móra agus beaga a bheith rannpháirteach in urrúsuithe trasteorann.
4. Cheap Parlaimint na hEorpa FPE Pavel Svoboda, (CZ, EPP), Cathaoirleach ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar rapóirtéir. Ar an 12 Meán Fómhair 2018, ag an seisiún iomlánach a bhí ag Parlaimint na hEorpa, d'fhormheas sí cinneadh ó Choiste JURI chun tús a chur leis an gcaibidlíocht idirinstiúideach, ar bhonn na tuarascála sin ó Svoboda⁴ ina raibh 24 leasú ar an togra ón gCoimisiún.

⁴ PE621.985v02-00 - A8-0261/2018

5. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim⁵ maidir leis an togra ar an 11 Iúil 2018, agus ghlac an Banc Ceannais Eorpach a thuairim féin⁶ an 18 Iúil 2018.
6. I gcur i bhfeidhm Phrótacal 21 (Uimh. 21), a ghabhann leis na Conarthaí maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, chinn an Ríocht Aontaithe gan páirt a ghlacadh sa togra agus táthar ag feitheamh ar chinneadh na hÉireann. I gcur i bhfeidhm Phrótacal (Uimh. 22) a ghabhann leis na Conarthaí maidir le seasamh na Danmhairge, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na mbeart atá beartaithe.

II. AN OBAIR A RINNEADH SA CHOMHAIRLE

7. Bhí an chéad mhalartú ginearálta tuairimí ag an Meitheal um Ábhair Dlí Shibhialta (sannadh éileamh) maidir leis an togra agus an measúnú tionchair, a ghabhann leis, le linn Uachtaránacht na Bulgáire. Le linn Uachtaránacht na hOstaire, dhírigh cúig cinn de chruinnithe de chuid na Meithle ar an scrúdú teicniúil maidir leis an togra.
8. Ba dhíol sásaimh i gcoitinne ag an Meitheal um Ábhair Dlí Shibhialta an togra agus d'aithin sí nach mór go mbeadh deimhneacht dhlíthiúil ann i gcás sanntaí éileamh trasteorann, ós rún don togra seo an lúb i ndlí an Aontais a fágadh ar lár ag Rialachán Róimh I a líonadh⁷. Ag an am céanna, chuir roinnt mhaith Ballstát i bhfios go láidir, gur – ar an gcéad amharc ionstraim dlí idirnáisiúnta phríobháideach a bhfuil raon feidhme teoranta ag baint léi é an togra – togra a thrácht ar ghnéithe a bhain le hurrúis agus dlí an mhargaidh airgeadais, gnéithe a bhí an-chasta ar fad. Thug siad dá n-aire go raibh anailís dhomhain ar ábhar an togra agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann ag teastáil.

⁵ 11427/18

⁶ CON/2018/33

⁷ Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I), *IO L 177, 4.7.2008, lgh. 6-16*.

9. Le linn chruinnithe na Meithle, chuir na Ballstáit go gníomhach chun cabhrú le léargas a thabhairt ar na castachtaí a bhain leis an togra trí shamplaí nithiúla a chuir faoi bhráid na Meithle agus a pléadh ansin leis an gCoimisiún.
10. Ar an 23 Deireadh Fómhair 2018, thíolaic an Uachtaránacht páipéar maidir le hAirteagal 1 (Raon Feidhme), Airteagal 2 (Sainmhínithe), Airteagal 4 (An dlí is infheidhme) agus Airteagal 10 (An gaol le forálacha eile de dhlí an Aontais) ar an ábhar gur measadh gurb iad na hairteagail sin príomhghnéithe an togra. Ar bhonn an doiciméid ón Uachtaránacht, léirigh an díospóireacht a rinneadh go raibh soiléiriú breise de dhíth ar chorp an téacs maidir le sainmhínithe áirithe agus d'fhonn a áirithiú nach mbeadh feidhm ag an togra ar urrúis. Ina theannta sin, léirigh an plé a rinneadh maidir le hAirteagal 4, nach raibh formhór na mBallstát fós réidh chun a seasamh críochnaitheach a chur in iúl maidir le foráil lárnach an togra. Cé gur chuir cuid de na Ballstáit in iúl go raibh an claonadh iontu tacú leis an riail ghinearálta, mar a bhí molta ag an gCoimisiún, mhol roinnt Ballstát eile dlí an éilimh arna shannadh mar phríomhfachtóir nascachta. Go ginearálta, chuir na Ballstáit i bhfios go láidir nach bhféadfaí cinneadh críochnaitheach a ghlacadh, arbh í an riail ghinearálta, mar a bhí molta ag an gCoimisiún an ceann ab fheiliúnaí, go dtí go ndéanfaí scrúdú críochnúil ar raon feidhme an togra agus ar na cineálacha éagsúla éilimh a bhféadfaí iad a shannadh.

11. Tar éis an chéad scrúdú ar an togra iomlán, thíolaic an Uachtaránacht doiciméad⁸ ina raibh sraith de mholtaí maidir leis an dréachtú d'fhonn tuilleadh plé a éascú maidir le príomhghnéithe an togra, agus ar an gcaoi sin ag cur san áireamh rannchuidiú ó bhéal agus i scríbhinn ag na Ballstáit. Tiomsaíodh na ráitis mhionsonraithe ó na Ballstáit maidir leis an togra agus an measúnú tionchair i ndoiciméid ar leithligh⁹.
12. Tacaíodh i gcoitinne leis na moltaí le hathrú a dhéanamh ar an bhfoclaíocht mar chéim chun cinn. D'fhéadfaí dul chun cinn a dhéanamh ar roinnt saincheistanna teicniúla, amhail an gaol idir an togra agus Rialachán na Róimhe I agus tuilleadh ailínithe leis an Rialachán sin. Bhí comhaontú ginearálta ann nár cheart go gcuirfeadh an togra isteach ar sheasamh an fhéichiúnaí agus gur cheart é sin a chur in iúl ar bhealach níos soiléire sa téacs. D'fhéadfaí teacht ar chomhthuiscint shealadach – gan dochar don ghá féachaint an athuair ar roinnt de na sonraí – maidir leis an gcoincheap a bhain 'le héifeachtaí tríú páirtí', ar shainmhínithe áirithe, amhail 'sannadh', 'éileamh' nó 'gnáthchónaí' agus maidir le prionsabal an chur i bhfeidhm uilíoch a úsáid. Léirigh an anailís a rinneadh ar Airteagal 5 (Raon feidhme an dlí is infheidhme), Airteagal 9 (Stáit a bhfuil níos mó ná córas dlí amháin acu) agus Airteagal 14 (Cur i bhfeidhm i dtaca le ham) go mbeadh gá le leasuithe teoranta d'fhonn soiléiriú a dhéanamh ar na hAirteagail sin agus an fhoclaíocht iontu a fheabhsú.
13. Mar sin féin, san idirphlé a rinneadh sa Mheitheal um Ábhair Dlí Shibhialta tugadh le fios nach mór roinnt saincheistanna a shoiléiriú sula bhféadfaí cinntí beartais rithábachtacha a ghlacadh. Mar gheall ar chasacht an togra, an tionchar a d'fhéadfadh sé a imirt ar mhargaí airgeadais agus an t-idirchaidreamh atá aige le codanna eile de dhlí an Aontais, fágann na nithe seo ar fad nár mhór do shaineolaithe dlí agus airgeadais scrúdú breise a dhéanamh ar an togra d'fhonn ligean do na Ballstáit teacht ar chinntí feasacha.

⁸ 13936/18

⁹ 11384/18 + ADD1; 13614/18 + ADD1 + ADD 2 + ADD 3; WK 11125/2018 + ADD1 + ADD 2

14. I bhfianaise an mhéid sin thuas, seo a leanas na príomheilimintí a dteastaíonn tuilleadh caibidlíochta ina dtaobh agus arb iomchuí iad a leasú go substaintiúil:
- a) Airteagal 1 (Raon feidhme) agus liosta na nithe atá eisiata ó raon feidhme an Rialacháin;
 - b) Airteagal 2 (Sainmhínithe) go háirithe i ndáil leis na sainmhínithe ar 'institiúid creidmheasa', 'airgead' agus 'ionstraim airgeadais';
 - c) Airteagal 4 (An dlí is infheidhme): Léirigh an anailís ar an riail ghinearálta maidir le heasaontacht dlí (gnáthchónaí an tsannóra) mar atá molta ag an gCoimisiún, go mbeadh gá machnamh a dhéanamh maidir le níos mó eisceachtaí a chur leis. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh sé sin, mar shampla, le comhaontuithe creidmheasa sindeacáite nó cásanna ina n-úsáidtear maoine dochorraithe mar chomhthaobhacht in iasachtú urrúsaithe. Dá bhrí sin, is den rithábhacht an nascfhachtóir iomchuí a shainaithint, ag brath ar an gcineál éilimh atá faoi réir a shannadh. Má chinneann na Ballstáit an dlí is infheidhme maidir leis an éileamh arna shannadh mar riail ghinearálta a roghnú, bheadh gá le heisceachtaí áirithe (eile), mar shampla i ndáil le sanntaí éileamh iomadúil agus sanntaí éileamh amach anseo (e.g. faoi chomhaontuithe fachtóireachta);

- d) Airteagal 10 (An gaol le forálacha eile de dhlí an Aontais): Is saincheist chasta an caidreamh atá ag an togra seo leis an Rialachán maidir le dócmhainneacht¹⁰ agus na trí Threoir maidir le hurrúis (an Treoir Comhthaobhach Airgeadais¹¹, an Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta¹², agus an Treoir maidir le Foirceannadh¹³) sa mhéid agus go bhfuil rialacha easaontachta dlíthe dá gcuid féin ag an gceithre píosa reachtaíochta seo. Is é is aidhm do pé leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh aon fhorluí nó neamhréireachtaí idir rialacha easaontachta dlíthe na n-ionstraimí sin agus an togra a sheachaint.

III. CONCLÚID

15. Cé gur rinneadh dul chun cinn suntasach le linn Uachtaránacht na hOstaire, beidh níos mó oibre ag teastáil chun teacht ar chomhaontú maidir leis na leasuithe is gá a dhéanamh ar an togra mar gheall ar chastacht agus ar raon leathan impleachtaí an togra.
16. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thíolacadh don Chomhairle chun go dtógfaidh sé ar aird í ag an gcruinniú a bheidh aici ar an 6 agus an 7 Nollaig 2018.

¹⁰ Rialachán (CE) Uimh. 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta, *IO L 141, 5.6.2015, lgh. 19-72*.

¹¹ Treoir 2002/47/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meitheamh 2002 maidir le socruithe comhthaobhachta airgeadais, *IO L 168, 27.6.2002, lgh. 43-50*.

¹² Treoir 2001/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Aibreán 2001 maidir le hatheagrú agus foirceannadh institiúidí creidmheasa, *IO L 125, 5.5.2001, lgh. 15-23*.

¹³ Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús, *IO L 166, 11.6.1998, lgh. 45-50*.